Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 5



## Meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na dteachtaireachtaí faoi cheilt sna meáin agus idirdhealú a dhéanamh idir dearcthaí éagsúla. Díospóireacht a bheith ann faoi mheáin sa tsochaí chomhaimseartha agus an úsáid a bhaineann leanaí astu.

**Cuspóir Foghlama**

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na dteachtaireachtaí faoi cheilt sna meáin agus idirdhealú a dhéanamh idir dearcthaí éagsúla agus díospóireacht a bheith ann faoi mheáin sa tsochaí chomhaimseartha agus an úsáid a bhaineann leanaí astu.

**Toradh Foghlama**

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann:

- Idirdhealú a dhéanamh idir fógraíocht fhollasach agus fógraíocht neamhfhollasach (fógraíocht faoi cheilt)
- A aithint cén fáth a roghnófaí branda áirithe a léiriú sna meáin ar bhealach ar leith
- Cad a d'fhéadfadh sé sin a thabhairt le fios?
- Breithmheas a dhéanamh ar cibé an bhfuil an cineál seo fógraíochta ina rud maith nó nach bhfuil
- A mhíniú go bhfuil díospóireacht ann maidir leis na meáin agus leanaí
- Idirdhealú a dhéanamh idir dearcthaí éagsúla sa díospóireacht sin faoi na meáin agus leanaí
- Breithmheas a dhéanamh ar an díospóireacht sin agus a bheith in ann a dtuairimí féin a chur in iúl i ndáil leis na meáin.

**Nótaí an Mhúinteora**

Tá a lán meán mórthimpeall orainn agus tá lán fógraíochta mórthimpeall chomh maith. Ach ní gá gur fógraíocht fhollasach an fhógraíocht íoctha go léir. Ba chóir go bhfaigheadh na leanaí tuiscint ar cad is fógraíocht neamhfhollasach (faoi cheilt) ann.

Tá a lán díospóireachta ann mar gheall ar na meáin chumarsáide agus daoine óga, agus cibé an bhfuil an timpeallacht meáin ina bhfuil siad ag fás aníos go maith dóibh nó nach bhfuil. Tá sé tábhachtach go mbeadh leanaí páirteach sa phlé sin agus go mbeadh an deis acu teacht ar a dtuairimí féin ina thaobh agus a ndearcadh a chur in iúl, chomh maith le bheith in iúl ar dhearcthaí daoine eile freisin.

**Acmhainní**

- An físeán *Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana*
- Gníomhaíocht 2.2 an t-alt "Mórchuideachtaí Meán Sóisialta chun Rochtain a Theorannú"
- Gníomhaíocht 5.1
- An ghníomhaíocht idirghníomhach *Aimsigh an Táirge*

**Modheolaíocht**

- Caint agus plé – Rólghlacadh
- Foghlaim ghníomhach – Rólghlacad
- Scileanna trí mheán an ábhair – Rólghlacadh

## Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 5



## Cur Chuige


**Céim 1: An físeán *Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana***



**Físeán**

- Abair leis na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr faoin gcaoi a ndéanann na meáin chumarsáide fógraíocht chun dul i bhfeidhm orainn.
- Seinm an físeán *Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Cuir an físeán ar sos agus fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad aon samplaí den chaoi a ndéanann na meáin chumarsáide fógraíocht.
- Tar éis an fhíseáin, fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad nó ar chuala siad aon eolas nua faoin gcaoi a ndéanann na meáin chumarsáide fógraíocht.
- Mínigh do na leanaí go bhfuil na meáin mórthimpeall orainn i ngach áit– in irisleabhair, ar an teilifís, ar an raidió agus ar shuíomhanna gréasáin.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go mbaineann na meáin an-leas as seifteanna chun ár mothúcháin a mhúscailt san fhógraíocht a dhéanann siad.

**Céim 2: Fógraíocht Neamhfhollasach**



**Ghníomhaíocht Idirghníomhach**

- Inis do na leanaí go bhfuil a lán táirgí a ndéantar fógraíocht orthu i scannáin, i gcláir theilifíse nó ag imeachtaí spóirt. Tugtar fógraíocht neamhfhollasach nó fógraíocht faoi cheilt ar an gcineál sin fógraíochta.
- Inis do na leanaí go bhfuil cuideachtaí a íocann as a dtáirgí a bheith le feiceáil i scannán nó ar an teilifís. Tugtar 'suíomh táirgí' air sin.
- Abair leis na leanaí gur féidir deoch nó fón póca a dhéanamh níos tarraingtí más rud é go n-úsáideann cuideachtaí fógraíochta daoine cáiliúla chun na fógraí sin a dhéanamh, má tá an deoch sin á ól nó an fón sin in úsáid ag an duine cáiliúil san fhógra. Tugtar ambasadóir cáiliúil ar an duine sin. Íoctar a lán airgid le daoine cáiliúla chun a bheith i bhfógraí chun táirgí áirithe a chur chun cinn.
- Bain úsáid as an ngníomhaíocht idirghníomhach *Aimsigh an Táirge* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie, agus taispeáin roinnt íomhánna do na leanaí ó scannáin agus ó chláir theilifíse agus fiafraigh díobh cén táirge atá á fhógairt sna fógraí éagsúla:
  - Mall Cop (Coca Cola)
  - James Bond (Viao Computers)
  - Elf (Coca Cola)
  - Smurf Happens (M&Ms)
  - Transformers (Burger King);
  - Mario Kart (Merc)
  - Unchartered III (Subway)
  - Modern Family (Apple Macs)
  - Galway GAA (Supermacs)
  - Irish football team (Three)
  - Zool (Chupa Chups)
  - Olympics (Electric Ireland)
  - Lego Movie (Lego).
- Mínigh do na leanaí go bhfuil a lán táirgí a ndéantar fógraíocht orthu i scannáin, i gcláir theilifíse nó ag imeachtaí spóirt agus tá roinnt díobhsan follasach, is é sin is léir gur fógraíocht atá ag tarlú. Tá roinnt eile nach bhfuil chomh follasach céanna, mar shampla aisteoir agus deoch ar leith á hól aige nó aici le linn radhairc i scannán.
- Mínigh dóibh uaireanta go gcaithfear faire amach go cúramach chun táirgí a thabhairt faoi deara má tá fógraíocht á dhéanamh orthu le linn scannáin nó i gclár teilifíse.
- Mínigh dóibh go bhfuil na leathanaigh a bhíonn ag na cuideachtaí sin ar na meáin shóisialta lán le fógraíocht.
- Fiafraigh de na leanaí an bhfuil aon bhlagálaí nó vlagálaí is breá leo. Tugtar YouTubers uaireanta ar na daoine sin.
- Iarr ar na leanaí iarracht a dhéanamh machnamh conas a d'fhéadfaí a bheith ag fógraíocht le gnáthghníomhaíochtaí. Mar shampla imirt le bréagán ar leith.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí iarracht súil a choinneáil amach d'fhógraíocht neamhfhollasach nó fógraíocht faoi cheilt.

Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 5




## Cur Chuige ar lean

**Céim 3: Seó an Iarnóin**

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur léigh siad alt sa cheacht deireanach (Gníomhaíocht 2.2.) "Social Media Giants to limit access."
- Féadfaidh an múinteoir an t-alt sin a thaispeáint don rang agus é a chur i gcuimhne dóibh– Gníomhaíocht 2.2.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur scríobh siad freagra ar an alt agus gur roghnaigh siad dearcadh áirithe ag aontú nó ag easaontú leis na dearcthaí a cuireadh chun tosaigh san alt.
- Sa cheacht seo beidh an deis ag na leanaí forbairt bhreise a dhéanamh ar an dearcadh sin, agus dearcthaí éagsúla maidir leis an díospóireacht faoi leanaí agus an úsáid a bhaineann siad as na meáin a chur in iúl.

**Seó an Iarnóin**

- Glacfaidh na leanaí róil éagsúla mar rannpháirtithe sa chlár teilifíse *Seó an Iarnóin* mar a gcuireann a lán daoine tuairimí éagsúla in iúl faoi shaincheisteanna tábhachtacha.
- Mar chuid den rólghlacadh cuirfidh na leanaí i gcéill go bhfuiltear chun dul ar aghaidh leis an bplean srian a chur ar an rochtain atá ag leanaí ar na meáin shóisialta, chun nach mbeadh cead ach ag daoine os cionn 16 bliana d'aois iad a úsáid, mar a pléadh i gCeacht 2.
- Glacfaidh gach leanbh ról mar rannpháirtí éagsúil sa seó cainte, agus beidh tuairimí éagsúla acu, roinnt de na tuairimí sin conspóideach.
- Féadfaidh an múinteoir ról láithreoir an tseó a ghlacadh, Sammy Smiles, agus an ról atá aige siúd ná an deis a thabhairt do gach rannpháirtí a dtuairim a chur in iúl.
- Bain úsáid as na Cártaí Rólghlactha (Gníomhaíocht 5.1) do gach leanbh chun go mbeidh a fhios acu cén dearcadh is cóir dóibh a chur in iúl.
- Eagraigh an rang don ghníomhaíocht, agus más féidir leag an seomra amach mar a bheadh stiúideo teilifíse ina bhfuil lucht féachana agus cathaoireacha ag barr an tseomra don phainéal, agus do láithreoir an tseó cainte.
- A luaithe is a bheidh na leanaí go léir tar éis a ndearcthaí a chur in iúl, beidh siad ullamh a ról a ghlacadh.
- Cuirfidh an múinteoir an seó i láthair agus fáilteoidh sé/sí roimh na rannpháirtithe go léir.
- Cuirfidh an múinteoir, ina ról mar Sammy Smiles, an painéal i láthair agus iarrfaidh orthu a ndearcthaí a chur in iúl maidir leis an díospóireacht faoi leanaí agus na meáin chumarsáide.
- Iarrfar ar gach rannpháirtí a gcuid a rá, agus an múinteoir sa ról mar chathaoirleach ar an díospóireacht. D'fhéadfadh an múinteoir úsáid a bhaint as micreafón bréige, agus é a thabhairt do na rannpháirtithe nuair a bheidh siad ag labhairt.
- D'fhéadfaí ligean don rólghlacadh teacht chun críche go nádúrtha, nó d'fhéadfadh an múinteoir clabhsúr a chur leis. Cibé acu, is é an próiseas atá tábhachtach, ní an chonclúid.

**Roghnach**

- Bain úsáid as físthaifeadán, fón, táibléad nó gléas taifeadta eile chun an seó teilifíse a thaifeadadh agus is féidir breathnú air arís ag an deireadh.

**Céim 4**

- Tar éis an dráma, iarr ar na leanaí a machnamh a dhéanamh ar a rannpháirtíocht sa rólghlacadh agus sa phlé.
- Déanfaidh an múinteoir, as ról, tréaslú leis na leanaí as páirt a ghlacadh agus fiafróidh de na leanaí conas mar a mhothaigh siad ag cur tuairimí éagsúla in iúl nó ag éisteacht le tuairimí éagsúla.
- Fiafraigh de na leanaí an dóigh leo go bhfuil tuiscint níos fearr acu ar dhearcthaí éagsúla i ndáil leis an díospóireacht faoi na meáin sa tsochaí chomhaimseartha agus an úsáid a bhaineann leanaí astu.

**Céim 5: Roghnach**

- Breathnaigh ar an taifeadadh den seó. D'fhéadfaí an ceacht seo a dhéanamh arís is arís agus an deis a thabhairt do na leanaí dearcadh éagsúil a chur in iúl sa rólghlacadh gach uair. Má thugtar an deis do leanaí dearcthaí éagsúla a chur in iúl is féidir leo a thuiscint gur féidir a lán tuairimí a bheith ann sa díospóireacht mar gheall ar na meáin.




**Gníomhaíocht 2.2**




**Gníomhaíocht 5.1**